# RÉALT NA MAIDNE

An Cheathrú Rua





FÓN (091) 72119

ROGHA AGUS TOGHA GACH DIGH






Ceol Gach Oíche


Arna phriontáil ag CLÓDÓIRÍ LURGAN, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.


# Feile an Doilin 1977

## san gCeathrú Rua



Gleótóg Pheadair Uí Luain ón gCeathrú Rua a bhuaigh rása an Dóilín i 1976.

## 14ú Lunasa



Cóilín Seoighe, fear ceoil agus farraige . . .
"Rí Inis Bearrachain".

"Fan soicind go dtéigh mé fuithí 'n tosaigh".
Is gearr uainn ceol na maidí rámha.



30p

An Cheathrú Rua,
Conamara.

Août 1977.

Nous vous invitons cordialement à La Fête de Dóilín. Si vous étiez avec nous l'anné dernière, nous sommes heureux que vous êtes retourné encore cette anné. Si vous venez pour la première fois on éspere que ce n'est pas la dernière fois. Dimanche le 14 ème Août á Dóilín sera la grande occasion encore: les raz de courant des bateaux à voiles et dex petites barques; sûrement un jour pour vous soulever le coeur que vous êtes au bord le la mer ou sí vous prenez le mer. Sans mentir, c'etaient "les grandes raz du monde" l'anné dernière parce que la foule assemblait de partout. La fête etait un grand succès: tout était bien organisé et on pease que le soleit ne brillait aussi chaud auparavant. Nous avons l'intention surpasser même tout cele cette fois. Biensur ce ne sera pas possible quoprès votre aide et votre appui. Que vous aiez le vic longue.

Ceux qui gouverneront les bateaux que Dieu renforce leurs mains au bout de la Rome et qu'Il nous ramène sain et sauf sur la plage les héros de la grande mer.

Nous ésperons que vous, chers estivants, vous souviendrez longtemps de cette jour a la Plaze de Dóilín.


Que nous tous ellons sept mille jois mieux pour la fête de l'anné prochain.

Signé,
Le comité de la Fête de Dóilín.


**An Dún Daingean**

Teach Tabhairne — Bóthar na n-Oileán





Tae agus Ceapairí

# A & C
# COMMERCIALS

☆

Galway Ltd.
Claregalway.

☆

Phone: 091-88206










ÓSTA NA n-OILEÁN
Leitir Mealáin

Siopadóir – Óstóir

PÁDRAIG Ó CUALÁIN
Baile na Cille,
Leitir Mealláin.

Siopadóir – Trádálaí

TIGH JOHNNY SHEÁIN
An Tullach

Togha agus Rogha an Cheoil agus an óil.

MICÍ Ó FLATHARTHA
An Cheathrú Rua

Grósaéir, Trádálaí agus Búistéir

Fón: 72139

## Stair Rásaí Currachaí an Cheathrú Rua

Smaoineas an lá cheana agus mé ag féachaint uaim siar ar Chuan an Fhir Mhóir gur iomaí maoim mhór a bhain suaitheadh as bás is as currach san gcuan sin ar feadh na mblianta. Go deimhin is iomaí máthair a thug a seacht míle malacht don fharraige céanna agus gan aici le déanamh ach féachaint agus sciolladh ar an namhaid a sciob mac nó fiú clann iomlán mic uaithi. Le breathnú, ó thaobh na tíreolaíochta de, ar an scéal níl aon iontas le déanamh den cheangal láidir a bhí idir na daoine agus an fharraige. Is iontachmmar sin féin mar a thug siad aghaidh ar an bhfarraige – san gucrrach. Ní raibh aon amadantacht ag baint leis na daoine ag plé leis na currachaí, bhí siad i ndán iad a láimhseáil go h-ealaíonta. Ach tar éis a ndíchill thug an fharraige feántach, fabhtaí futhu. Bhí scil acu san fharraige, san aimsir, sna carraigeacha agus bhí láimhseáil na curraigh ar fheabhas acu. Cén t-iontas mar sin go raibh coimhlint eatarthu – cé is túisce a cheanglódh téad ag ceann céibhe agus is as an gcoimhlint seo a tháinig na rásaí. Ní dhéanfaidh daoine dearmad go deo ar na geallta, na báid mhóra ag gearradh farraige agus a gcuid seolta chomh rite le drú a mbeadh mangach mór ar a dhuán. Ansin bhí na rásaí currachaí – na fir mhóra bhreátha dolamánacha ag coimhlint lena chéile agus go deimhin siad a bhí in ann.


Is deacair dáta a chuir le rásaí currachaí mar cé go bhfuil mórchuid eolais le fáil fúthu is beag duine atá in ann dátaí a chuir leis. Bhí suim faoi leithgagainne sna rásaí a bhí thart faoi cheantar na Ceathrúin Ruaidhe. Tá muid cinnte go raibh a leithidí ar Loch a' Mhuillinn roimh 1932 ach san mbliain seo ba foireann as an Rinn, An Cheathrú Rua a thuggan lá leo. Ba iad siúd Máirtín Bhaibín Mac Donnacha (go ndéanfaidh Dia grástagair), Michael Grealish (Michael Phádraic Chóil) agus Joeín Phatch Sheán Dan Mac Donnacha. I 1933 agus 1934 chuaigh an duais don Trá Bháin. I 1935 ba iad Máirtín Chóilín Mac Donnacha, Michael Grealish agus Pádraicín Phatch Mac Donnacha a bhuaigh agus ba mhar a chéile an scéal i 1936. Tháinig athrú ar an scéal in ndiaidh na bliana 1936. Thosaigh daoine ag rá nach raibh an loch feiliúnach do rásaí currachaí mar go raibh sí tanaí agus contúirteach agus bhí daoine eile ag rá nach do loch ach don fharraige a déanadh an currach an chéad lá ariamh. Ar aon chuma aistríodh na rásaí go Caladh Thaidhg i 1943. Socraidh cúrsa an rása ó Chaladh Thaidhg timpeall ar chuáille an Mhaimín agus ar ais. Triúr de mhuintir an Oileáin Mhóir, An Cheathrú Rua ba túisce a chríochnaigh an cúrsa seo. B'iad siúd Johnny Mhicil Ó Cualáin agus a dheartháir Pádraic, a cailleadh ó shoin, go ndéana Diamgrásta air agus Máirtín Choilín Mac Donnacha.

Bliain amháin eile, 1944, a mhair an rása i gCaladh Thaidhg. Trasna an chuain, don Trá Bháin mar gurbh iad Micil Ghoithinn (go ndéana Dia



An té a fhaigheann bua na ceirde, faigheann sé go leor di.

Tá sí déanta aige – Michaeleen Mháirtín Chóilín Mac Donnacha le "currach an Dóilín", an chéad duais sa raifil.



grásta air), Johnny Tamín Mac Donnacha agus Pádraic Bhaibín Liam Ó Cualáingab fhearr an lá sin. Bhí rása amháin eile san gCeathrú Rua ag Trá an Dóilín i 1958. Bhí rásaí báid mhóra ann an lá sin freisin agus ba iad Máirtín Tom Darba (go ndéana Dia grásta air) ba thúisce a thug bád thar buaidh. Foireann an Oileáin Mhóir, Mícheál Ó Cualáin, Máirtín Mac Donnacha agus Réamonn Mac Donnacha curaí an lae sin. Athmhusclaíodh na rásaí anuraidh i 1976. Na Cualáin – Pádraic, Colm agus Mícheál a bhuaigh an rása sin. Gleoiteog Pheadair Uí Luain faoina stiúir féin agus Johnny Mimmy Mac Donnacha an t-aon ghleoiteoig a chríochnaigh an cúrsa.

Dá dheacra dá raibh sé stair na rásaí a chuir le chéile (táim ag glacadh buíochais le Máirtín Mac Donnacha agus Tim Ó Maolóin a chabhraigh liom) is deacra fós réamhthuairisc a thabhairt ar stáid rásaí currachaí amach anseo. Tarlóidh ceann den dá rud seo: beidh currachaí á n-úsáid ar fud chósta thiar na hÉireann nó beidh ort dul go dtí an Iarsmalann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath má tá fút currach a fheiceáil. In ár lámha féin atá an rogha.


**Peadar Ó Flatharta**


# PADRAIC O CEALLAIGH



Ollmhargadh V.G.
Tá Fiúntas i V.G.
An Cheathrú Rua.

Fón: 72156



Réamonn Jimmy Mac Donnacha agus Máirtín Chóilín Seoighe. Casadh ar a chéile cheana iad.

Beartla Ó Ráinne an-tsásta leis féin ar Loch a' Mhuilinn. Sé a bhronn cupán Pheadair Uí Shé, agus £50 ar na Cualáin anuraidh.



## INTRODUCTION

Each nation has within its boundaries its own local communities and tribes with their own customs and idiosyncrasies. Each community has its own "supermen" who exel others in performing the work or sport of that particular community. In this case Ireland is no exception. Along the West coast of Ireland in past times the people possessed a great slice of the Irish culture. These people, who despite of great outside pressures, still hold on to their customs much to their credit. These customs, which are now unique, show a golden age of Irish life which is now lost to the majority of Irish citizens. People along the West coast found it impossible to sustain their families and themselves depending on the barren earth alone. Therefore they had to face the cruel wild Atlantic to obtain a small part of the wealth which it contained but so reluctantly gave. Generation after generation they faced the sea the only way that suited the natural conditions and surroundings sustaining high losses of human life. The craft they used was a small, rather frail, wooden frame covered with stretched canvas. The canvas was then tarred to waterproof it. John Millington Synge wrote in the *The Aran Islands* – "It gave me a moment of exquisite satisfaction to find myself moving away from civilisation in this rude canvas canoe of a model that has served primitive races since men first went to sea."

Considering that there were no harbours or quays, manmade or otherwise, the light craft that could be lifted out of the water and carried to safety on men's backs, proved practical. The once common sight of two or three men carrying their curragh at dusk after a day's work is now practically extinct.

The people used the curragh for transporting seaweeds from partly submerged reefs to the mainland to manure their crops. They also used the craft to fish for pollack and makerel and for travelling to nearby houses and villages that were mostly situated at or near narrow sea inlets. The people began to compete with each other to see who would have landed a load of seaweed first or who would be first to drop line at the fishing ground. This led to formal competition and it also led to the development of the curragh. People started to build a slimmer, sliiker and longer version of the curragh that was easier to propel and thus reached greater speed. Over the years two types of curragh, the working curragh (an currach oibre) which was broader and heavier than the racing currach (an currach rasaí) developed. Teams began to perfect their own designs so not did the winning of a race depend on skill but also on the design of the curragh. Present day races are conducted using curraghs exactly the same therefore, winning depends entirely on the crew. To control a craft as light and narrow as the curragh demands

**SEÁN Ó CLOCHARTAIGH**

Annach Mheáin,

Béal a' Daingean.

Fuinneogaí – Doirse

Déanta as Adhmad Bog nó Crua

Fón 72101 nó Leitirmóir 17

**ÉISC TEO,**

Ros a' Mhíl

Seafood Specialists and Exporters

**"TIGH TERRY"**

Ros a' Mhíl

Ól Deoch ar do Chompóirt

Fón: 72100

**TIGH THUATHAIL**

Doire Né, Casla

Oifig an Phoist – Siopadóir – Trádálaí

great skill. For three men to control the same at high speed and under the stress of competition demands the perfection of skill, stamina and co-ordination.

We know that there were races on "Loch an Mhuilinn" (opposite Carraroe church) centuries ago. Because nobody regarded them as important enough or took the bother to record the proceedings it is impossible to seperate fact from fiction. The first race that we could find written proof of was in 1932. The races continued on a yearly basis until 1936. In 1943 the event moved from the lake to "Caladh Thadhaig" – a nearby harbour because people thought that seawater was more favourable to currach racing that fresh water. The race moved to Trá an Dóilín (The Coral Strand) in 1958. Hooker racing provided an exciting spectacle that day as well.

Over the years people from this region figured prominently in races at Leitir Móir, Cill Chiaráin, Uachtar Ard, Galway city, Killkee, Co. Clare, Skerries, Co. Dublin, Magharees, Co. Kerry and also in London and Boston. Last year (1976) curragh racing came to life once more in the Carraroe area. We look forward to reviving curragh racing at local and possibly national level.

**Peadar Ó Flatharta**



Na Cualáin . . . Pádraig, Colm agus Mícheál a bhuaigh rása an Dóilín i 1976.



Bríd Bn. Mhic Dhonnacha agus Cóilín Mac Donnacha, a bhuaigh an Rása fear agus bean sa Spidéal i 1976. Sa doras tá Mary, bean Jimmy an Oileáin, fascadh na bhFlaitheas dá anam.



An Cheathrú Rua inniu.

An chéad áit a chruthaigh Dia . . . "goil an ród ó Leitirmóir go hInis Bárr a' Chuain".



GARÁISTE MHÁIRTÍN BÁN
Doire Né, Casla

Stáisiún Peitril – Díol agus Deisiúchán Carranna
Soláthraí Gaineamh, Gairbhéal agus Cloch Eibhir.
Fón: 72169

MÁIRÍN AGUS SORCHA


Gruaigeadóirí Den Scoth
Fir & Mná

Facthas "Stanton" fhéin ann! !


COLÁISTE CHOLUMBA
An Cheathrú Rua

Coláiste Gaeilge dhá reachtáil ag mná tí na háite.

Fón: 72182 agus 72193


"Hold the Wagon" . . . Níl fhios againn cén t-am é, ach tá strus air.

Tá dhá thaobh ar an mbád, ach ní i ngan fhios do Pheadar Ó Luain é.



Má tá tú ag dul thart, buail isteach i gcóir:

DEOCH – CEAPAIRÍ – TAE

**TEACH UÍ FHLATHARTA**

Doire Né,

Casla.

Fón: 72213



**GARÁISTE MHIC OIREACHTAIGH**

An Cheathrú Rua

Deisiúcháin agus Cóiriú Gluaisteáin

Painéil Bhualadh agus Spreáil.

Soláthraí Gluaisteáin Sean agus Nua

Fón: 72127



**TOMÁS MAC CONFHAOLA**

Leitirmóir

Siopadóir – Éadaí – Bróga



**TIGH 'N TAILIÚRA**

An Cheathrú Rua

TEACH ÓSTA – BIALANN

Fón: 72154


An Cheathrú Rua,
Conamara.

Lúnasa 1977.

A Chara,


Cuireann muid fáilte ó chroí romhat ag Féile an Dóilín. Seans maith go raibh tú linn anuraidh, má bhí tá áthas orainn thú a bheith ar ais arís i mbliana. Más é seo an chéad uair agat anseo, tá súil againn nach é an uair dheirneach é. Sé an Domhnach, 14ú Lúnasa an lá mór ar Thrá an Dóilín an bhliain seo, lá rásaí na gCurrachaí agus na nGleótógaí, lá a chrochfas do chroí más ar an bhfarraige nó ar an talamh dhuit. Ní bréag ar bith "rásaí móra an domhain" a thabhairt ar na h-imeachtaí seo. Anuraidh tháinig daoine as gach áird ar fud na cruinne. D'éirigh thar barr leis an bhFéile an bhliain seo caite, bhí eagar as cuimse ar na h-imeachtaí, agus ní dóigh liom go raibh an oiread teasa ón ngrian ariamh cheana is a bhí an lá sin.

Tá fúinn barr feabhais a chur ar an bhFéile i mbliana. Ár ndóigh ní bheadh sé sin indéanta marach an chabhair agus an tacaíocht a fuair muid uaibhse. Go mba fada buan sibh.


Dóibh siúd atá ag dul ar an bhfarraige go ndeartaigh Dia a láimh ag ceann an mhaide rámha, agus go dtuga sé gaiscigh na farraige móire ar ais slán sábháilte ar an trá againn.

Tá súil againn, a chuairteoirí, gur fada an lá a bhéas cuimhne agaibhse ar an lá seo ag Trá an Dóilín, sa gCeathrú Rua. Go mba seacht míle fearr a bhéas muid uilig bliain ón am seo.

Sínithe,
Coiste Fhéile an Dóilín.



An tráchtaire: Mícheál Ó Flatharta.



Insíonn chuile phictiúr a scéal féin.

Comórtas Tarraingt Téide ag an Dóilín i 1976.



## Ón gCeathrú Rua go Ciarraí

Chuaigh mé féin, clann Mhic Dhonnacha, agus na Cualáin, dreathaireacha agus iomróirí ón gCeathrú Rua go dtí rásaí currach i Machairí, Co. Chiarraí ar an 19ú Meitheamh 1977.

D'fhág muid an Cheathrú Rua i mbus go moch ar maidin. Chuaigh muid trí chathair na Gaillimhe, síos go hInis, Co. Chláir agus thóig muid bóthar Chill Ruis go Cill Iomhair le dul trasna ar an Ferry go Tairbeart, Co. Chiarraí.

Thug muid an bóthar go Lios Tuathail orainn féin agus as sin go Trá Lí áit ar stop muid le haghaidh greim a ithe. Thóig muid an bóthar ard ó Thrá Lí go Daingean Uí Chúise, agus ar aghaidh go dtí na Machairí. Shroich muid ceann cúrsa ag a h-aon a chlog. Bhí deoch againn i dteach Spillane. Chuaigh muid go dtí an chéibh ansin, tuairim is míle ón teach ósta. Bhí neart currachaí ar an mbéal fútha ar na stáitsí ann.

Thosaigh an chéad rás, agus seo ceann aon bhuille, ag leath-uair tar éis a dó. Sé Cóilín Mac Donnacha as an gCeathrú Rua a bhuaigh é.

Thosaigh rása dhá bhuille díreach ina dhiaidh agus is foireann ó na Machairí, Noel Cummins, agus Jackie Goodwin a fuair an chéad áit. Sa dara h-áit bhí an bheirt dhearthár, Seán agus Cóilín Mac Donnacha as an gCeathrú Rua.

Foireann ó na Machairí a bhuaigh an rás cheithre bhuille. Bhí Maidhc P. Ó Conaola, as an Spidéal agus na triúr dreathaireacha, Seán, Seámus, agus Pádraig Ó Cuinn as Leitirmóir sa dara h-áit. Maidir leis an rás trí bhuille, bhuaigh na Machairí é sin chomh maith. Tháinig na triúr deartháireacha, Seán, Cóilín agus Peadar Mac Donnacha ón gCeathrú Rua isteach ina ndiaidh, agus siad na deartháireacha eile Mícheál, Colm agus Pádraig Ó Cualáin ón gCeathrú Rua a bhí sa tríú h-áit.

Rása meascaithe a bhí sa gceann deireanach agus siad Seán Mac Donnacha, Pádraig Ó Cualáin ón gCeathrú Rua, Seán Ó Cuinn ó Leitirmóir, agus Tomás de Brún ó na Machairí a tháinig isteach chun tosaigh. Chuir sin deire leis na rástaí.

Chuaigh muid ar ais go teach ósta Spillane. Bhí béile breá réitithe do suas le deich nduine fhichead de mhuintir na Gaillimhe. Lean an t-ól, an ceol, na h-amhráin agus an chraic go h-am dúnta. Chuir muid cúrsaí lóistín in ord ansin. Thóig gach teach beirt nó triúr againn saor in aisce. Chuaigh roinnt de mhuintir na Gaillimhe ag an damhsa.

Maidin lár na' mháireach chuamar ar ais chuig an teach ósta céanna le slán a fhágáil acu féin agus a gcomharsain.

Thóig sé an lá ar fad orainn a theacht abhaile. Stopamar anseo is ansiúd ag breathnú uainn ar radharcanna áille, rún-diamhracha. Níorbh é seo an chéad uair ag muintir na Gaillimhe i gCiarraí, go mór-mhór ag clann Mhic Dhonnacha. Bhuaigh Réamonn Mac Donnacha an rás aon bhuille ann i 1974, rud a rinne a dheartháir Cóilín i mbliana. Ba i 1974

freisin a bhuaigh Cóilín Mac Donnacha an rás aon bhuille amháin i nDaingean Uí Chúise. Fuair sé féin agus a thriúr deartháireacha Seán, Peadar agus Réamonn an chraobh sinsearach san áit chéanna. Freisin d'éirigh leo craobh na Gaillimhe agus Stát Aontaithe Mheiriceá a bhaint amach.


Tá sé ar intinn againn dul ar ais go Ciarraí an chéad bhliain eile.

Tá foireann ó Chiarraí le bheith páirteach i rásaí na gcurrach sa gCeathrú Rua i mbliana.

**Tadhg Ó Maoileoin**


# TOMAS BREATHNACH

An Cheathrú Rua



Búistéar, Siopadóir
Gas, Éadaí agus Troscán



Fón: 72114




# MICHEAL O FATHARTA

Cladhnach, An Cheathrú Rua.
Siopadóir – Trádálaí – Taxi


Fón: 72160



Ní hé an chéad uair aige é?



Frámáilte go pointáilte, paiteanta . . . réidh dá cóta nua.



Tógann sí múnla . . . ceann de cheithre churrachaí nua an Dóilín a rinne Máirtín Chóilín Seoighe as Inis Bearrachain.

Clann Jimmy an Oileáin, Seán, Cóilín agus Peadar, curaí rása an Spidéil i 1977.



Gach Deá Ghuí Don Fhéile

☆

**OIFIG AN PHOIST**

Béal a' Daingean.

**TIGH CHUALÁIN**

Leitirmóir

Siopadóir – Trádálaí

Tugtar (Supersave) Stampaí

Ost' an Chuain, Leitir Móir

**TÍ PHLUNKETT**

Ostóir – Trádálaí – Oifig an Phoist

Fón: Leitirmóir 7

**SEOSAMH MAC AN IOMAIRE**

Tír an Fhia, Leitirmóir


☆

Siopadóir – Seirbhísí Sochraide

## From Carraroe to Kerry

A visit to the Canoe races at Mararess, Co. Kerry, with the two families Mc Donaghs and Folan of Carraroe, Co. Galway – brothers and oarsmen. On the morning of the 19th June 1977 we left the village of Carraroe by bus bright and early. We went through Galway City and on to Ennis, Co. Clare. We took the Kilrush road to Killimor to catch the Ferry boat to Tarbert, Co. Kerry. Then we took the Listowel road to Tralee where we stopped for a meal. We took the high road from Tralee to Dingle and we reached Mararess at 1 p.m. We went into Spillnes pub for a drink and went from there to the pier which is about a mile from the pub. When we got there we saw plenty of canoes turned upside down on stages. The first race started at 2.30 p.m., it was the singled handed and was won by Colman Mc Donagh, Carraroe, Co. Galway. Then the two handed race started and was won by the Mararess crew Noel Cummins, and Jackie Goodwin in second place were the Mc Donagh brothers John and Colman, from Carraroe, Co. Galway. The four handed was next and was won also by Mararess, in second place was Mike P. Connolly, Spiddal, with the three Quinn brothers John, James and Patrick from Lettermore, Co. Galway. Then we had the three handed race which was won by Mararess. In second place were the Mc Donaghs brothers John Colman and Peter from Carraroe and in third place the three Folan brothers also from Carraroe, Co. Galway, Michael, Colman and Patrick. The last race was a mixed race of made up crews. In first place was John Mc Donagh and Patrick Folan of Carraroe, Co. Galway, John Quinn of Lettermore, Co. Galway an d Tommie Brown of Mararess, Co. Kerry. The races were over and we went back to Spillans pub, where a meal was ready for 30 of us. Then we started with the music, the drink and the crack until closing time. Them we arranged the digs. Every hous there took a few Galway people free of charge for the nights lodgings. Early next morningwe went back to Spinnans pub to say good bye to that family and kind neighbours. It took us the full day coming back from Kerry to Carraroe, stopping here and there to see the place. This is not the first time that the Mc Donagh family was in Kerry for in the year 1974 Reamonn Mc Donagh won the single hand in Mararess, which his brother Colman has done this year. In 1974 Colman Mc Donagh, Carraroe, Co. Galway won the single handed at the Dingle races Co. Kerry. That same year they won the Kerry County Cup, the Galway County cup and ther American Cup. We intend going back to Kerry again next year. There is a Kerry crew coming to Carraroe this year.

**Tim Malone**



Insíonn chuile phictiúr a scéal féin.

Comórtas Tarraingt Téide ag an Dóilín i 1976.



## Ón gCeathrú Rua go Ciarraí

Chuaigh mé féin, clann Mhic Dhonnacha, agus na Cualáin, dreathaireacha agus iomróirí ón gCeathrú Rua go dtí rásaí currach i Machairí, Co. Chiarraí ar an 19ú Meitheamh 1977.

D'fhág muid an Cheathrú Rua i mbus go moch ar maidin. Chuaigh muid trí chathair na Gaillimhe, síos go hInis, Co. Chláir agus thóig muid bóthar Chill Ruis go Cill Iomhair le dul trasna ar an Ferry go Tairbeart, Co. Chiarraí.

Thug muid an bóthar go Lios Tuathail orainn féin agus as sin go Trá Lí áit ar stop muid le haghaidh greim a ithe. Thóig muid an bóthar ard ó Thrá Lí go Daingean Uí Chúise, agus ar aghaidh go dtí na Machairí. Shroich muid ceann cúrsa ag a h-aon a chlog. Bhí deoch againn i dteach Spillane. Chuaigh muid go dtí an chéibh ansin, tuairim is míle ón teach ósta. Bhí neart currachaí ar an mbéal fútha ar na stáitsí ann.

Thosaigh an chéad rás, agus seo ceann aon bhuille, ag leath-uair tar éis a dó. Sé Cóilín Mac Donnacha as an gCeathrú Rua a bhuaigh é.

Thosaigh rása dhá bhuille díreach ina dhiaidh agus is foireann ó na Machairí, Noel Cummins, agus Jackie Goodwin a fuair an chéad áit. Sa dara h-áit bhí an bheirt dhearthár, Seán agus Cóilín Mac Donnacha as an gCeathrú Rua.

Foireann ó na Machairí a bhuaigh an rás cheithre bhuille. Bhí Maidhc P. Ó Conaola, as an Spidéal agus na triúr dreathaireacha, Seán, Seámus, agus Pádraig Ó Cuinn as Leitirmóir sa dara h-áit. Maidir leis an rás trí bhuille, bhuaigh na Machairí é sin chomh maith. Tháinig na triúr deartháireacha, Seán, Cóilín agus Peadar Mac Donnacha ón gCeathrú Rua isteach ina ndiaidh, agus siad na deartháireacha eile Mícheál, Colm agus Pádraig Ó Cualáin ón gCeathrú Rua a bhí sa tríú h-áit.

Rása meascaithe a bhí sa gceann deireanach agus siad Seán Mac Donnacha, Pádraig Ó Cualáin ón gCeathrú Rua, Seán Ó Cuinn ó Leitirmóir, agus Tomás de Brún ó na Machairí a tháinig isteach chun tosaigh. Chuir sin deire leis na rástaí.


Chuaigh muid ar ais go teach ósta Spillane. Bhí béile breá réitithe do suas le deich nduine fhichead de mhuintir na Gaillimhe. Lean an t-ól, an ceol, na h-amhráin agus an chraic go h-am dúnta. Chuir muid cúrsaí lóistín in ord ansin. Thóig gach teach beirt nó triúr againn saor in aisce. Chuaigh roinnt de mhuintir na Gaillimhe ag an damhsa.

Maidin lár na' mháireach chuamar ar ais chuig an teach ósta céanna le slán a fhágáil acu féin agus a gcomharsain.

Thóig sé an lá ar fad orainn a theacht abhaile. Stopamar anseo is ansiúd ag breathnú uainn ar radharcanna áille, rún-diamhracha. Níorbh é seo an chéad uair ag muintir na Gaillimhe i gCiarraí, go mór-mhór ag clann Mhic Dhonnacha. Bhuaigh Réamonn Mac Donnacha an rás aon bhuille ann i 1974, rud a rinne a dhearthair Cóilín i mbliana. Ba i 1974

# TOMAS BREATHNACH

An Cheathrú Rua



Búistéar, Siopadóir

Gas, Éadaí agus Troscán



Fón: 72114


freisin a bhuaigh Cóilín Mac Donnacha an rás aon bhuille amháin i nDaingean Uí Chúise. Fuair sé féin agus a thriúr deartháireacha Seán, Peadar agus Réamonn an chraobh sinsearach san áit chéanna. Freisin d'éirigh leo craobh na Gaillimhe agus Stát Aontaithe Mheiriceá a bhaint amach.

Tá sé ar intinn againn dul ar ais go Ciarraí an chéad bhliain eile.

Tá foireann ó Chiarraí le bheith páirteach i rásaí na gcurrach sa gCeathrú Rua i mbliana.

**Tadhg Ó Maoileoin**


# MICHEAL O FATHARTA


☆ Cladhnach, An Cheathrú Rua.

Siopadóir – Trádálaí – Taxi ☆


Fón: 72160



Ní hé an chéad uair aige é?



Frámáilte go pointáilte, paiteanta . . . réidh dá cóta nua.



Tógann sí múnla . . . ceann de cheithre churrachaí nua an Dóilín a rinne Máirtín Chóilín Seoighe as Inis Bearrachain.

Clann Jimmy an Oileáin, Seán, Cóilín agus Peadar, curaí rása an Spidéil i 1977.



Gach Deá Ghuí Don Fhéile

☆

**OIFIG AN PHOIST**

Béal a' Daingean.

**TIGH CHUALÁIN**

Leitirmóir

Siopadóir – Trádálaí

Tugtar (Supersave) Stampaí

Ost' an Chuain, Leitir Móir

**TÍ PHLUNKETT**

Ostóir – Trádálaí – Oifig an Phoist

Fón: Leitirmóir 7

**SEOSAMH MAC AN IOMAIRE**

Tír an Fhia, Leitirmóir

☆

Siopadóir – Seirbhísí Sochraide


## From Carraroe to Kerry

A visit to the Canoe races at Mararess, Co. Kerry, with the two families Mc Donaghs and Folan of Carraroe, Co. Galway – brothers and oarsmen. On the morning of the 19th June 1977 we left the village of Carraroe by bus bright and early. We went through Galway City and on to Ennis, Co. Clare. We took the Kilrush road to Killimor to catch the Ferry boat to Tarbert, Co. Kerry. Then we took the Listowel road to Tralee where we stopped for a meal. We took the high road from Tralee to Dingle and we reached Mararess at 1 p.m. We went into Spillnes pub for a drink and went from there to the pier which is about a mile from the pub. When we got there we saw plenty of canoes turned upside down on stages. The first race started at 2.30 p.m., it was the singled handed and was won by Colman Mc Donagh, Carraroe, Co. Galway. Then the two handed race started and was won by the Mararess crew Noel Cummins, and Jackie Goodwin in second place were the Mc Donagh brothers John and Colman, from Carraroe, Co. Galway. The four handed was next and was won also by Mararess, in second place was Mike P. Connolly, Spiddal, with the three Quinn brothers John, James and Patrick from Lettermore, Co. Galway. Then we had the three handed race which was won by Mararess. In second place were the Mc Donaghs brothers John Colman and Peter from Carraroe and in third place the three Folan brothers also from Carraroe, Co. Galway, Michael, Colman and Patrick. The last race was a mixed race of made up crews. In first place was John Mc Donagh and Patrick Folan of Carraroe, Co. Galway, John Quinn of Lettermore, Co. Galway an d Tommie Brown of Mararess, Co. Kerry. The races were over and we went back to Spillans pub, where a meal was ready for 30 of us. Then we started with the music, the drink and the crack until closing time. Them we arranged the digs. Every hous there took a few Galway people free of charge for the nights lodgings. Early next morningwe went back to Spinnans pub to say good bye to that family and kind neighbours. It took us the full day coming back from Kerry to Carraroe, stopping here and there to see the place. This is not the first time that the Mc Donagh family was in Kerry for in the year 1974 Reamonn Mc Donagh won the single hand in Mararess, which his brother Colman has done this year. In 1974 Colman Mc Donagh, Carraroe, Co. Galway won the single handed at the Dingle races Co. Kerry. That same year they won the Kerry County Cup, the Galway County cup and ther American Cup. We intend going back to Kerry again next year. There is a Kerry crew coming to Carraroe this year.

**Tim Malone**

# AN CHISTIN

An Cheathrú Rua



Gach deá-ghuí do Fhéile an Dóilín

Peadar agus Tríona Ó Sé


## Féile an Dóilín

Ins an domhan mór seo tá féilte go leor againn
nach rídheas an nós é ag óg agus aois
Ach sí Féile an Dóilín an Fhéile is óige
Tabhair nóiméad nó dhó dhom is molfaidh mé í.

A thrá an Dóilín molaim go deo thú,
Tá tú aoibhinn is álainn de ló agus d'oíche
Ní bréag é ná ráiteas gur tusa is áilne
Ó thug tú barr breacha ó thrannaí an tír.

Más duine faoi bhrón tú glac le mo chomhairle,
Sí Féile an Dóilín a thóigfeas do chroí.
Ó feicfidh tú spóirt ann ag sean agus óg ann
beidh coimhlint go leor ann ar mhuir is ar thír.

Feicfidh tú geállta ag currach is ag bád ann
Cé déarfadh nach álainn an radharc iad ag teacht,
Níl ceol ann níos breátha ná ceol maide rámha
Sna tonntrachaí ag ardú is ag briseadh as do chionn.

Tá radharcanna álainn le fáil as an áit seo
Ó shléibhte thiar Chonnacht go hÁrainn na Naomh,
Siúl cois na trá síos tá saoibhneas in ndán dhuit
Níl áit mar an áit seo is an ghrian ag dul faoi.

Más duine thú a déarfas go bhfuilimse bréagach
Bí ann ag an bhFéile agus breathnaigh go grinn
Ó Cloisfidh tú véarsa, ceol agus scéal ann
Ag cur lena chéile ag Féile an Dóilín.

Véarsa 2 arís.

**Tomás Mac Eoin**



# Ce h-iad

